



## Topaic: Braistint féiniúlachta agus muintearais páistí a chothú tríd an oideolaíocht chultúrtha (Breith – 6 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé tacú le braistint féiniúlachta agus muintearais páistí.

Sa seisiún gearr FGL seo, foghlaimeoidh tú faoin tábhacht atá le braistint dhearfach féiniúlachta agus muintearais a chothú tríd an oideolaíocht chultúrtha. Sna hacmhainní a moltar do dhaoine breathnú orthu, iad a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, tá béim ar an tábhacht atá le tuiscint a chur ar chúlra agus ar chultúr páistí agus ar oideolaíocht fhreagrúil a sholáthar a bheadh bunaithe ar an tuiscint seo.

### Príomhnaisc

- Téama [na Féiniúlachta agus an Mhuintearais in Aistear](#)
- *Síolta*: [Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas](#)

Tá sé éigeantach tuiscint a chur ar chultúr agus cúlra uathúil gach aon pháiste ionas gur féidir tacú leis an mbraistint féiniúlachta agus muintearais atá á forbairt aige nó aici

		✓
	Breathnaigh ar <a href="#">an bhfíseán 3 nóiméad seo</a> a léiríonn an chuma fhéideartha a bheadh ar théama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais sa ghnáthchleachtas.	
	Breathnaigh ar an <a href="#">bhfíseán 1-nóiméad seo</a> go gcluine tú Wendy Lee, Stiúrthóir Thionscadal na Ceannasaíochta Oideachasúla sa Nua-Shéalainn agus í ag míniú mar is féidir tacú le braistint féiniúlachta agus muintearais páistí tríd an oideolaíocht chultúrtha.	
	Breathnaigh ar an <a href="#">bhfíseán 3-nóiméad seo</a> ina labhraíonn Wendy Lee ar ról an chleachtóra i dtaca le caidreamh a fhorbairt le páistí agus teaglaigh le cuidiú leo tuiscint a chur ar chultúr agus cúlra páistí.	
	Léigh an leidbhileog seo <a href="#">Ag tacú le leanaí dátheangachas a bhaint amach</a> lena fháil amach an fáth a bhfuil sé tábhachtach meas agus urraim a léiriú do theanga baile an pháiste.	
	Breathnaigh ar an <a href="#">bhfíseán 5-nóiméad seo</a> ina labhraíonn Wendy Lee ar úsáid na scéalta foghlama le tacú leis an bhféiniúlacht agus muintearas tríd an oideolaíocht chultúrtha.	
	Úsáid gné a dó den uirlis féinmheastóireachta i dTreoir Chleachtais <i>Aistear Síolta</i> , colún na dTimpeallachtaí Foghlama, le fiosrú a dhéanamh ar thábhacht na dtaispeántas a léireodh cúlra, pobal, cultúr agus teanga gach aon naíonáin agus lapadáin, chun ceangal a chothú idir an baile agus an suíomh. Is féidir teacht <a href="#">ar breith – 3 bliana d’aois anseo</a> agus <a href="#">3 – 6 bliana anseo</a> .	



Le fiosrú breise a dhéanamh ar chleachtais ionchuimsitheacha, léigh [Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-Óige \(RLGÓ, 2016\)](#).

### Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh

**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshláin a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo?



### Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .

**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn?



Nasc chuig an Treoir Chleachtais [Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta](#)

Tá na hacmhainní thuas agus go leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ag [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.